Seicliosta um Iarratas ar Chaipiteal AIM (Leibhéal 5) do Sholáthraithe agus Tuismitheoirí

Soláthraítear an seicliosta seo duit chun tacú leat chun iarratas ar chaipiteal a dhéanamh faoi AIM. Iarrtar ort an liosta seo a léamh agus a chinntiú go bhfreagraíonn tú 'tá'/go dearfach do gach ceann de na hearraí seo sula dtosaíonn tú le d'fhoirm iarratais ar líne a chomhlánú.

- ❒ An bhfuil do réamhscoil faoi chonradh beo leis an RLGÓ?
- ❒ An bhfuil Dáta Breithe an linbh idir an 01/01/2012 agus an 31/03/2014?
- ❒ An bhfuil (nó an mbeidh) an leanbh i seomra COLÓ atá rannpháirteach i gClár COLÓ?
- ❒ Ar léigh tú an fhaisnéis atá ar fáil faoi AIM ar láithreán gréasáin AIM agus ar Thairseach an PIP?
- ❒ An ndearna tú ceangal le do Choiste Cúram Leanaí Contae áitiúil chun tacaíocht agus treoir a fháil (más gá)?
- ❒ Ar léigh tú **na Treoirlínte maidir le hIarratas** go hiomlán?
- ❒ An bhfuil sonraí an linbh ar láimh agat?: céadainmneacha agus sloinnte, dáta breithe (DB), UPSP nó Uimhir Aitheantais/Aitheantas Próifíle reatha clárúcháin COLÓ. Ar chomhaontaigh sibh beirt ar an dáta tosaigh a bheartaítear agus ar an líon laethanta sa tseachtain a fhreastalóidh an leanbh ar an tseirbhís seo?
- ❒ An bhfuil sonraí an Tuismitheora ar láimh agat?: ainm, uimhir theagmhála, seoladh ríomhphoist agus poist?
- ❒ An ndearna tú breithniú leis an tuismitheoir ar na saghsanna tacaíochta a theastaíonn maidir leis an méid a leanas?:
    - Mionathruithe
    - Trealamh do leanaí atá dall/ar a bhfuil lagú amhairc nó atá bodhar/ar a bhfuil lagú éisteachta
    - Trealamh do leanaí atá faoi shaghsanna eile de mhíchumas
- ❒ Ar thug gairmí ainmnithe nó múinteoir ar cuairt faoi mheasúnú, faoi mar a shonraítear sna treoirlínte?
    - Má thug, iarrtar ort Tuarascáil chomhlánaithe AIM nó an Litir Mholta leis an iarratas a cheangal.
    - Murar thug, féach na treoirlínte chun teacht ar an gcéad chéim eile.
- ❒ An eol duit cén seirbhísí sláinte *a soláthraíodh* don leanbh, a d'eascair as moltaí an mheasúnaithe thuas? An eol duit cén seirbhísí sláinte a bhfuil an leanbh *ar liosta feithimh dóibh?*
- ❒ Ar léigh tú trí **Thoiliú Feasach AIM** agus ar phléigh tú seo leis an tuismitheoir?
- ❒ Ar léigh tú tríd an ráiteas Príobháideachais leis an tuismitheoir/caomhnóir/cúramóir?
- ❒ Ar shínigh an tuismitheoir/caomhnóir/cúramóir **foirm um Thoiliú Feasach AIM**?
- ❒ Má tá iarratas á dhéanamh agat ar chistiú i dtreo mionathruithe:
    - ar dheimhnigh tú go mbeidh na mionathruithe seo comhlíontach le **Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí, 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta), 2016**.
    - an bhfuair tú tuairisc ghairmiúil ó Ailtire/Innealtóir a dheimhníonn go bhfuil na mionathruithe a bheartaítear riachtanach, ríthábhachtach agus go gcomhlíonfaidh siad Cuid M de na Rialacháin Foirgníochta, sa chás gur gá?
- ❒ An bhfuil an líon riachtanach meastachán agat (meastachán amháin ina bhfuil costas an tionscadail faoi €5,000, agus trí mheastachán ina bhfuil costas an tionscadail os cionn €5,000)? NB: ní sheolfaidh tú ach an meastachán a roghnaítear ag céim an iarratais, ach sa chás go bhfuil costas an tionscadail faoi bhun €5,000, b'fhéidir go n-iarrfar ort na meastacháin eile a sheoladh ar aghaidh ag aon chéim.
- ❒ An bhfuil dóthain cistí agat chun na hoibreacha mionathraithe a chur i gcrích má chosnaíonn an costas iomlán an deontas uasta €7,000 (CBL san áireamh)?
- ❒ An bhfuil do mheastacháin bailí de réir threoirlínte an iarratais?
- ❒ An bhfuil meastachán agat le haghaidh táillí gairmiúla atá dátaithe laistigh de 3 mhí i ndiaidh an iarratais seo?

Má dheimhnigh tú gach ceann de na hearraí thuas a bhaineann le d'iarratas, tá tú réidh anois chun tús a chur le d'fhoirm iarratais ar líne a chomhlánú.